2025/937

22.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/937 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Bealtaine 2025

lena bhformheastar 2,2-Débhróma-2-cianaicéataimíd (DBNPA) mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 6 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 89(1), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear liosta de shubstaintí gníomhacha atá ann cheana agus a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu maidir lena bhformheas féideartha i dtaca lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha. Áirítear ar an liosta sin 2,2-Débhróma-2-cianaicéataimíd (DBNPA) (Uimh. CE: 233-539-7, Uimh. CAS: 10222-01-2) le haghaidh cineál táirge 6.

(2) Rinneadh meastóireacht ar DBNPA lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 6, (leasaithigh ábhair channaithe), mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus comhfhreagraíonn sé sin do chineál táirge 6 (leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil) mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) Ainmníodh an Danmhairg mar an Ballstát is rapóirtéir agus chuir a húdarás inniúil meastóireachta an tuarascáil mheasúnachta mar aon lena chonclúidí faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') an 16 Nollaig 2022. Agus an tuarascáil mheasúnachta curtha isteach, tionóladh pléití ag cruinnithe teicniúla a d'eagraigh an Ghníomhaireacht.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 75(1), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ullmhaíonn an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht maidir leis na hiarratais ar fhormheas substaintí gníomhacha. I gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 75(1) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ghlac an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht an 12 Meán Fómhair 2023 ([4]), ag féachaint do chonclúidí an údaráis inniúil meastóireachta.

(5) Sa tuairim sin, tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid go bhféadfaí coinne a bheith leis go ndéanfaidh táirgí bithicídeacha de chineál táirge 6 ina bhfuil DBNPA na critéir a leagtar síos in Airteagal 19(1), pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a chomhlíonadh, ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe a bhaineann lena n-úsáid.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/1062/oj).

([3]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).

([4]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí 2,2-Débhróma-2-cianaicéataimíd (DBNPA); An cineál táirge: 6; ECHA/BPC/388/2023, arna glacadh an 12 Meán Fómhair 2023.

(6) De réir na tuairime ón nGníomhaireacht, meastar go bhfuil airíonna réabtha inchrínigh ag DBNPA a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héifeachtaí dochracha ar dhaoine, agus dá bhrí sin comhlíonann sé an critéar eisiaimh a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, agus meastar go bhfuil airíonna réabtha inchrínigh aige a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héifeachtaí dochracha ar orgánaigh nach sprioc-orgánaigh iad, agus dá bhrí sin tá sé inbhreithnithe lena hionadú i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (e), den Rialachán sin.

(7) De bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ní fhéadfar substaintí gníomhacha a chomhlíonann critéar maidir le heisiamh a fhormheas ach amháin má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(1), agus ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(8) Ón 3 Samhain 2023 go dtí an 4 Eanáir 2024, rinne an Coimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht, comhairliúchán poiblí chun rannchuidiú le faisnéis a bhailiú i dtaobh ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(9) Pléadh an tuairim ón nGníomhaireacht agus na haighneachtaí a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí le hionadaithe ó na Ballstáit sa Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha. Iarradh ar na hionadaithe ó na Ballstáit a shonrú ar mheas siad go gcomhlíonfaí ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, agus bonn cirt a thabhairt lena bhfreagra.

(10) Leis an anailís ar na sonraí uile a bhailítear ón sainchomhad iarratais, léirítear sa chomhairliúchán poiblí agus na tuairimí a chuir na Ballstáit in iúl go bhfuil gá le DBNPA faoi láthair sna Ballstáit uile le haghaidh úsáidí áirithe.

(11) Tá gá le DBNPA le haghaidh caomhnú gearrthéarmach sciodair mhianraigh agus breiseán eile (e.g., stáirse, líonaigh, ceanglóirí, oibreáin frithchúrtha, tuaslagáin polaiméire, táirgí bacainne, bratuithe, líocha) lena n-úsáid i dtáirgeadh páipéir ag úsáideoirí tionsclaíocha. Rinneadh roinnt substaintí gníomhacha a imscrúdú mar roghanna malartacha ar DBNPA lena úsáid sin: hidreaclóiríd 2-meitil-2,3-déhidrea-1,2-tiasól-3-óin, 2-Feanocseatánól, (beinsilocsa)meatánól, 2-búitil-beansa[d]isitiasól-3-ón ('BBIT'), alcól beinsile, défheinil-2-ól, 1,2-beinsisitiasól-3(2H)-ón ('BIT'), brónapól, chlóracréasól, 5-chlóra-2-meitil-2H-isitiasól-3-ón ('CIT'), meascán de 5-chlóra-2-meitil-2H-isitiasól-3-ón (Einecs 247-500-7) agus 2-meitil-2H-isitiasól-3-ón (Einecs 220-239-6) ('meascán de CMIT/MIT'), 2-broma-2-(brómaimeitil) peantáindénítríl ('DBDCB'), clóiríd dédheicildémheitilamóiniam ('DDAC (C8-10)'), clóiríd dédheicildémheitilamóiniam ('DDAC'), 1,3-bis(hiodroscameitiol)-5,5-démheitilimíodasóilidín-2,4-dé-ón ('DMDMH'), monaihidreaclóiríd dóideicealguainidín, 2,2′-déthiaibis[N-meitilbeansaimíd] ('DTBMA'), (eitiléin-dé-ocsai) démheatanól (Táirgí imoibrithe of gliocól eitiléine le paraformaldéad ('EGForm')), eatánól, formaldéad a scaoiltear ó tháirgí imoibrithe paraformaldéid agus 2-hidrocsapróipiolaimín ('RP 1:1'), formaldéad a scaoiltear ó tháirgí imoibrithe paraformaldéid agus 2-hidrocsapróipiolaimín ('RP 3:2'), aigéad formach, glútaral ('glútaraildéad'), heicsi-2,4-aigéad dé-éanóch ('aigéad sorbach'), 2,2′,2′′-(heicsihidri-1,3,5-trí-aisín-1,3,5-trí-ile)trí-eatánól ('HHT'), sárocsaíd hidrigine, 3-iada-2-próipiniolbúitiolcarbamáit ('IPBC'), L-(+)-aigéad lachtach, MBIT, 2-meitil-2H-isitiasól-3-ón ('MIT'), monaclóraimín a ghintear ó charbamáit amóiniam agus foinse clóirín, N-(3-aimíneapróipil)N-dóideicealprópán-1, 3-dé-aimín ('dé-aimín'), N-(tríchlóraimeitiltia)tailimíd ('Foilpéad'), 2-ochtal-2H-isitiasól-3-ón ('OIT'), p-[dé-iadaimheitil]sulfóinil]tolúéin, aigéad sáraicéiteach, sorbáit photaisiam, salann sóidiam piridín-2-tiól 1-ocsaíd ('sóidiam piritóin'), piritóin since ('sinc phiritióin'), clóiríd airgid, dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó shoidiam meiti-dhéshuilfíte, teitrihidrea-1,3,4,6-teitricis(hidrocsaimeitil) imíodasó[4,5-d] imíodasóil-2,5(1H,3H)-dé-ón ('TMAD'), teitricis(hidrocsaimeitil)sulfáit fosfóiniam (2:1) ('THPS'). Mar sin féin, de réir na hanailíse ar an bhfaisnéis a bailíodh, ní fhéadfadh aon cheann de na substaintí gníomhacha sin a bheith ionadach go hoiriúnach do DBNPA le haghaidh na húsáide a rinneadh a scrúdú de bharr a n-úsáide le haghaidh caomhnú fadtéarmach, saincheisteanna comhoiriúnachta teicniúla nó saincheisteanna guaise.

(12) Tá gá le DBNPA le haghaidh caomhnú gearrthéarmach péinteanna agus bratuithe (lena n-áirítear líocha, vearnaisí agus dúigh) agus amhábhar (e.g. stáirse, líonaigh, ceanglóirí, oibreáin frithchúrtha agus líocha) a úsáideann úsáideoirí tionsclaíocha le haghaidh péinteanna agus bratuithe. Rinneadh na substaintí gníomhacha céanna agus na substaintí sin a liostaítear in aithris 11 a imscrúdú mar roghanna malartacha ar DBNPA lena úsáid sin. Mar sin féin, de réir na hanailíse ar an bhfaisnéis a bailíodh, ní fhéadfadh aon cheann de na substaintí gníomhacha sin a bheith ionadach go hoiriúnach do DBNPA le haghaidh na húsáide sin de bharr a n-úsáide le haghaidh caomhnú fadtéarmach, saincheisteanna comhoiriúnachta teicniúla nó saincheisteanna guaise.

(13) Tá gá le DBNPA chun gur féidir le húsáideoirí tionsclaíocha easráin pholaiméire a chaomhnú go gearrthéarmach (e.g. easráin pholaiméire a úsáidtear i ngreamacháin, fabraicí neamhfhite, comhdhúile déanta cairpéad, greimlíní réamh-mheascáin, líonaigh bhalla). Rinneadh na substaintí gníomhacha céanna agus na substaintí sin a liostaítear in aithris 11 a imscrúdú mar roghanna malartacha ar DBNPA lena úsáid sin. Mar sin féin, de réir na hanailíse ar an bhfaisnéis a bailíodh, ní fhéadfadh aon cheann de na substaintí gníomhacha sin a bheith ionadach go hoiriúnach do DBNPA le haghaidh na húsáide sin de bharr a n-úsáide le haghaidh caomhnú fadtéarmach, saincheisteanna comhoiriúnachta teicniúla nó saincheisteanna guaise.

(14) Modhanna malartacha ar úsáid táirgí bithicídeacha chun sciodar mianrach agus breiseáin eile lena n-úsáid i dtáirgeadh páipéir (teicnící teirmeacha nó ionradaíochta) a chaomhnú go gearrthéarmach, tá taighde á dhéanamh orthu faoi láthair ach níl leibhéal leordhóthanach ullmhachta teicneolaíochta bainte amach ina leith go fóill agus dá bhrí sin, ní féidir iad a mheas faoi láthair gur roghanna malartacha oiriúnacha iad ar úsáid DBNPA. Maidir le caomhnú gearrthéarmach péinteanna agus bratuithe agus amhábhar a úsáidtear lena dtáirgeadh agus caomhnú gearrthéarmach easrán polaiméire, d'fhéadfadh saincheisteanna comhoiriúnachta teicniúla (e.g. creimeadh, díchobhsú, éifeachtúlacht theoranta) ualaí eacnamaíocha (próisis déine fuinnimh) agus saincheisteanna sábháilteachta (e.g. an riosca dó le haghaidh na n-oibreoirí, gáma-ghathanna) a theacht as modhanna malartacha neamhcheimiceacha.

(15) Dá bhrí sin, léirítear san anailís ar an bhfaisnéis a bailíodh go mbeadh tionchar diúltach díréireach ar an tsochaí ag neamh-fhormheas DBNPA mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 6 i gcomparáid leis na rioscaí a eascraíonn as úsáid na substainte le haghaidh caomhnú gearrthéarmach sciodar mianrach agus breiseáin eile lena n-úsáid i dtáirgeadh páipéir, le haghaidh caomhnú gearrthéarmach péinteanna agus bratuithe agus amhábhar a úsáidtear lena dtáirgeadh, agus le haghaidh caomhnú gearrthéarmach easrán polaiméir. Dá bhrí sin, comhlíontar an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás na n-úsáidí sin.

(16) Dá bhrí sin, meastar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcomhar leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c) den Rialachán sin a bheith comhlíonta.

(17) Dá bhrí sin, is iomchuí DBNPA a fhormheas lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 6 faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh.

(18) Ós rud é go gcomhlíonann DBNPA an critéar eisiaimh a leagtar síos in Airteagal 5(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ba cheart tréimhse nach faide ná 5 bliana a bheith i gceist leis an bhformheas mar a leagtar amach sa dara habairt d'Airteagal 4(1) den Rialachán sin.

(19) De bhun phointe 10 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ba cheart a áireamh sa mheasúnú ar tháirgí bithicídeacha meastóireacht i dtaobh ar comhlíonadh an coinníoll d'Airteagal 5(2), pointe (c), den Rialachán sin i gcríoch an Bhallstáit féin. Ba cheart foráil a dhéanamh nach bhféadfar táirgí bithicídeacha de chineál táirge 6 ina bhfuil DBNPA a údarú lena n-úsáid sna Ballstáit ach amháin i gcás ina gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(20) Thairis sin, de bhun Airteagal 4(3), pointí (d) agus (g), agus Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, chun leibhéal ard sábháilteachta a áirithiú do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol agus chun cóir chomhionann a áirithiú idir earraí cóireáilte a mhonaraítear san Aontas agus earraí cóireáilte a allmhairítear, earraí cóireáilte a chóireáiltear le DBNPA nó ina n-ionchorpraítear DBNPA a chur ar an margadh, ba cheart iad a bheith faoi réir srianta agus coinníollacha. Go háirithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach san fhormheas maidir le húdarú táirgí bithicídeacha de chineál táirge 6 ina bhfuil DBNPA, maidir leis na hearraí cóireáilte a chóireáiltear le DBNPA nó ina n-ionchorpraítear DBNPA a fhéadfar a chur ar an margadh, ní féidir ach sciodar mianrach agus breiseáin eile a úsáidtear i dtáirgeadh páipéir, péinteanna agus bratuithe agus amhábhair a úsáidtear lena dtáirgeadh, agus easráin pholaiméire a chur ar an margadh, agus úsáideadh DBNPS sna hearraí cóireáilte sin chun a gcaomhnú gearrthéarmach a áirithiú amháin.

(21) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula bhformheasfar substaint ghníomhach ionas go mbeidh páirtithe leasmhara in ann na bearta ullmhúcháin is gá a dhéanamh chun na ceanglais nua a chomhlíonadh.

(22) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar 2,2-Débhróma-2-cianaicéataimíd (DBNPA) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 6, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Bealtaine 2025,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí ([1])	Dáta formheasa	Dáta éaga an fhormheasa	An cineál táirge	Coinníollacha sonracha
DBNPA	Ainm IUPAC: 2,2-Débhróma-2-cianaicéataimíd Uimh. CE: 233-539-7 Uimh. CAS: 10222-01-2	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí a ndearnadh meastóireacht uirthi: 98,0 %	1 Samhain 2026	31 Deireadh Fómhair 2031	6	Tá 2,2-Débhróma-2-cianaicéataimíd (DBNPA) inbhreithnithe lena ionadú i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointí (a) agus (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Tá údarú táirgí bithicídeacha lena n-úsáidtear DBNPA mar shubstaint ghníomhach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: (a) sa mheasúnú ar tháirgí, tugtar aird ar leith ar na nochtaí, ar na rioscaí agus ar an éifeachtúlacht atá nasctha le haon úsáid atá cumhdaithe ag iarratasóir ar údarú, ach nach dtugtar aghaidh uirthi i measúnú riosca na substainte gníomhaí ar leibhéal an Aontais; (b) de bhun phointe 10 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, áirítear sa mheasúnú ar tháirgí meastóireacht i dtaobh ar comhlíonadh an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012; (c) ní fhéadfar táirgí a údarú lena n-úsáid sna Ballstáit ach amháin i gcás ina gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012; (d) ní fhéadfar táirgí a údarú ach amháin chun go gcaomhnódh úsáideoirí tionsclaíocha na nithe seo a leanas go gearrthéarmach: i) sciodar mianrach agus breiseáin eile (e.g. stáirse, líonaigh, ceanglóirí, oibreáin frithchúrtha, tuaslagáin polaiméire, táirgí bacainne, bratuithe, líocha) a úsáidtear i dtáirgeadh páipéir; ii) péinteanna agus bratuithe (lena n-áirítear líocha, vearnaisí agus dúigh) agus amhábhair (e.g. stáirse, líonaigh, ceanglóirí, oibreáin frithchúrtha agus líocha) a úsáidtear chun péinteanna agus bratuithe a tháirgeadh; iii) easráin pholaiméire (e.g. easráin pholaiméire a úsáidtear i ngreamacháin, fabraicí neamhfhite, comhdhúile déanta cairpéad, greimlíní réamh-mheascáin, líonaigh bhalla);

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí ([1])	Dáta formheasa	Dáta éaga an fhormheasa	An cineál táirge	Coinníollacha sonracha
						(e) sa mheasúnú ar tháirgí tugtar aird ar leith ar úsáideoirí tionsclaíocha; (f) i gcás táirgí a bhféadfadh iarmhair i mbia nó i mbeatha a theacht astu, déanfaidh údaráis inniúil na mBallstát measúnú i dtaobh an gá uasleibhéil iarmhar nua nó uasteorainneacha iarmhar nua a shocrú nó an gá na huasleibhéil iarmhar nó na huasteorainneacha iarmhar atá ann cheana a leasú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) nó Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus déanfar aon bheart maolaithe riosca iomchuí chun a áirithiú nach sárófar na huasleibhéil iarmhar ná na huasteorainneacha iarmhar sin; (g) Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát na treoracha ábhartha úsáide agus na réamhchúraimí a chuirfear ar lipéad na n-earraí cóireáilte faoi Airteagal 58(3), an dara fomhír, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a shonrú san achoimre ar shaintréithe táirge bhithicídigh ina bhfuil DBNPA. Is faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas atá an cur ar an margadh d'earraí cóireáilte a chóireáiltear le DBNPA nó ina n-ionchorpraítear DBNPA: (a) ní fhéadfar earraí cóireáilte a chóireáiltear le própaconasól nó ina n-ionchorpraítear DBNPA d'aon ghnó a chur ar an margadh ach amháin lena n-úsáid sna cásanna seo a leanas: i) sciodar mianrach agus breiseáin eile a úsáidtear i dtáirgeadh páipéir; ii) péinteanna agus bratuithe (lena n-áirítear líocha, vearnaisí agus dúigh) agus amhábhair a úsáidtear chun iad a tháirgeadh; iii) easráin pholaiméire;

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/937/oj

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí ([1])	Dáta formheasa	Dáta éaga an fhormheasa	An cineál táirge	Coinníollacha sonracha
						(b) Úsáideadh DBNPA sna hearraí cóireáilte dá dtagraítear i bpointe (a) chun a gcaomhnú gearrthéarmach a áirithiú amháin; (c) áiritheoidh an duine atá freagrach as earra cóireáilte a chur ar an margadh a cóireáladh le DBNPA nó ina n-ionchorpraítear DBNPA go gcuirfear ar fáil ar lipéad an earra chóireáilte sin an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 58(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) Ba í an íonacht a léiríodh sa cholún seo íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí a ndearnadh meastóireacht uirthi. Féadfaidh íonacht na substainte gníomhaí sa táirge a chuirtear ar fáil ar an margadh a bheith cothrom nó éagsúil leis an íonacht sin, má tá sé cruthaithe go bhfuil an tsubstaint sin coibhéiseach go teicniúil leis an tsubstaint ghníomhach a ndearnadh meastóireacht uirthi.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/470/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj).